# Gaelscoil Chill Dara

045 442300 oifig@gaelscoilchilldara.com Uimhir Rolla: 20023A



**Cruinniú Eolais do na Naíonáin Nua Information Meeting 2021.2022 27.05.2021 Cinntigh le Sorcha oifig@gaelscoilchilldara.com go bhfuil na páistí cláraithe!**
Please ensure your children are enrolled!
Age of entry has changed to 4 years on 1st May.
New policy available anseo!



**Tá na páistí ar fheabhas ag teacht isteach go sabháilte na laethanta seo. Beidh na doirse ar oscailt ó 8.50-9 a chlog. Dúnfaimid na doirse ag a 9 a chlog ar maidin ón Luan.**

The children are wonderful at coming in safely each morning. From Monday the doors will be open from 8.50-9.00 each morning. Doors will now close at **9am.**

Aladdin:
**Le bhur dtoil coimeád súil ar Aladdin don eolas maidir le turais scoile, tuairiscí scoile, imeachtaí áille buíochas le Coiste na dTuismitheoirí srl.** Please ensure you keep an eye on Aladdin for information regarding school tours, school reports and some lovely events thanks to Coiste na dTuismitheoirí.
@gaelscoilchilldara2021 instagram



**An Bus Scoile**
**Iarraim oraibh labhairt leis na páistí atá ag taisteal ar an mbus scoile le cinntiú go bhfuil siad ag leanúint na rialacha Covid-19.**
If your child is using school transport could you please talk with them to ensure they are following the Bus Covid-19 rules for their safety and the safety of others.



**Beidh na páistí taobh amuigh gach lá! Bí cinnte go bhfuil cóta & bróga compordach acu ar scoil.**
We will be outdoors every day. Ensure that your child has a coat every day and comfortable shoes. Children in Ranganna 1-6 will wear their school tracksuits every Monday Wednesday and Friday. Naíonáin wears the school tracksuit every day.
Don't forget the suncream also!



**NB NB NB**
**Ná déan dearmad masc a chaitheamh taobh istigh de gheataí na scoile i gcónaí. Tá campus á roinnt againn le scoil eile agus tá sé rí-thábhachtach dúinne go léir.**
Please remember to **wear a mask** if you leave the car within the school gates at all times. We are sharing a campus and it is for the safety of all. NB NB NB




**Ádh mór do na páistí i Rang 6 atá ag dul go dtí an Ghael-Choláiste an Satharn seo chugainn 29.05.2021. Treise libh!**



**Na Sacraimintí**
**Ranganna 2 agus Ranganna 6**
Is oth liom a rá nach mbeidh na Sacraimintí ar siúl i Mí an Mheithimh. Tá litir ón Easpag Denis leis seo.
I regret to inform you that neither the Sacrament of First Communion or Confirmation will be celebrated this June. Please find attached a letter from Bishop Denis.

**Bail ó Dhia ar an obair!**

**Breathnaigh ar na polasaithe nua agus athbhreithnithe ar www.gaelscoilchilldara.com**
Look at our new and revised policies on www.gaelscoilchilldara.com

# Gaelscoil Chill Dara

**045 442300 oifig@gaelscoilchilldara.com Uimhir Rolla: 20023A**

A Chairde dhíl,

Mar is eol daoibh tá an Bord Bainistíochta ag obair ar na polasaithe i mbliana. Tá an Cód Iompair nua seo á chur le chéile le tamaillín agus tá go leor ama caite ar an bpolasaí áirithe seo toisc go bhfuil sé chomh tábhachtach do phobal uile na Gaelscoile, idir daltaí, tuimsitheoiri, baill foirne agus an Bord Bainistíochta. Leasíodh an DRÉACHT seo arís is arís eile thar na bliana seo caite chun tuairimí is moltaí ó chuile dhuine a thógáil ar bord - daltaí, tuismitheoirí, baill foirne agus baill an Bhoird.  Taimid an-mhóráladh as ionchur suntasach ó na daltaí féin, Comhairle na nDaltaí agus na Daltaí i Rang a Sé ach go háirithe.

Seo an DRÉACHT deiridh agus beidh sé á chur faoi bhráid an Bhord Bainistíochta ag an gcéad chruinniú eile a bheidh acu i Mí an Mheithimh, ag súil le go nglacfaí leis mar pholasaí do GSCD. Is é seo an deis deiridh ag gach éinne chun aon leasú breise a chur os ár gcomhair. Ní mór aon mholadh nó leasuithe a chur chuig oifig@gaelscoilchilldara.com roimh 3 a chlog ar an gCéadaoin 2 Meitheamh.

As you are aware, the Board of Management have been working on school policies throughout the school year. The work on developing our new Code of Behaviour has been ongoing over the last year as it is so important to the whole school community, students, parents, staff and the Board of Management. This DRAFT has been amended several times over the last year to ensure that all recommendations and ideas were taken on board from students, parents, staff and members of the BoM. We are especially proud of the substantial input from the students themselves, Comhairle na nDaltaí and Rang a Sé.

This is the FINAL DRAFT and it will be presented at the next meeting of the Board of Management, in June,  we hope that the policy will be ratified at this meeting. This is the last chance for any amendments to be made. Please send any changes or recommendations to oifig@gaelscoilchilldara.com before 3pm on Wednesday, 2nd June.

Le gach dea-ghuí agus míle buíochas.

Niamh Uí Chadhla
Rúnaí an Bhoird

**Nasc don dréacht nua i nGaeilge agus i mBéarla le do thoil. GRMA**